



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.10.2023
COM(2023) 633 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009, arna leasú le Rialachán
(AE) 2015/1775, maidir le Trádáil i dTáirgí Róin**

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2015/1775, maidir le Trádáil i dtáirgí Róin

1. Réamhrá

Córas an Aontais maidir le táirgí róin

Le Rialachán (CE) Uimh. 1007//2009¹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trádáil i dtáirgí róin (an Rialachán) toirmisctear táirgí róin a chur ar mhargadh an Aontais.

Tá feidhm ag an toirmeasc trádála maidir le táirgí róin a tháirgtear in AE agus maidir le táirgí róin allmhairithe. Leasaíodh an Rialachán le Rialachán (AE) 2015/1775 chun torthaí² rialuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) i gcás táirgí Róin sa Choimisiún Eorpach a léiriú³. Mar thoradh air sin, foráiltear le Córas reatha an Aontais maidir le táirgí róin do dhá eisceacht ón toirmeasc:

- 1) Ceadaítear leis táirgí róin a chur ar an margadh i gcás ina dtagann na táirgí sin ó fhiacha arna ndéanamh ag pobail Ionúiteacha nó ag pobail dhúchasacha eile, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(1) den Rialachán, arna leasú.

Foráiltear le hAirteagal 3(1a) den Rialachán céanna, arna leasú, go mbeidh doiciméad lena bhfianófar go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach maidir le tairbhiú “ó phobail Ionúiteacha nó ó phobail dhúchasacha eile” ag gabháil le táirge róin tráth a chur ar mhargadh an Aontais. Ba cheart don Choimisiún Eorpach an doiciméad fianúcháin a eisiúint ag comhlacht atá aitheanta chun na críche sin, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1850⁴ ón gCoimisiún (an Rialachán Cur Chun Feidhme).

- 2) Ceadaítear leis freisin táirgí róin a allmhairiú i gcás ina bhfuil sé de chineál ócáideach, agus arb é atá ann go heisiach earraí d'úsáid phearsanta taistealaithe nó a dteaghlaigh (Airteagal 3(2) den Rialachán, arna leasú).

Oibleagáidí tuairiscithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009, arna leasú

Leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán, arna leasú, go gcuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 31 Nollaig 2018 agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, ina dtabharfar breac-chuntas ar na gníomhaíochtaí a dhéanfar chun an Rialachán sin a chur chun feidhme. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo laistigh de 12 mhí ó dheireadh gach tréimhse tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1. Ina thuarascáil, déanfaidh an Coimisiún

¹ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32009R1007>

² https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.L_.2015.262.01.0001.01.ENG

³ <http://trade.ec.europa.eu/wtodispute/show.cfm?id=475&code=2>

⁴ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32015R1850>

measúnú ar fheidhmiú, ar éifeachtacht agus ar thionchar an Rialacháin maidir lena chuspóirí a bhaint amach. Ba cheart measúnú a dhéanamh i dtuarascáil an Choimisiúin freisin ar an tionchar ar fhorbairt shocheacnamaíoch na bpobal Ionúiteach nó na bpobal dúchasach eile⁵.

Glacadh an chéad Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Rialacháin, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 18 Deireadh Fómhair 2015 (dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2015/1775) go dtí an 31 Nollaig 2018, an 10 Eanáir 2020⁶.

Cumhdaítear sa tuarascáil sin an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2022. Tá sé bunaithe ar na ranníocaíochtaí a fuarthas ó Bhallstáit an Aontais, ón Ríocht Aontaithe, agus ó na trí chomhlacht aitheanta i gCeanada agus sa Ghraonlainn

2. Cúlra

In 1983, mar fhreagra ar inní fhorleathan faoi mharú bliantúil oisíní róin áirithe, ghlac an tAontas Eorpach Treoir 83/129/CEE⁷ ón gComhairle chun cosc a chur ar allmhairiú táirgí ó dhá speiceas oisíní róin, rón Graonlannach ("seithe bhán") agus rón Cochallach (), isteach san Aontas. Bhí feidhm aige ar dtús go dtí an 1 Deireadh Fómhair 1985. Cuireadh síneadh lena bhailíocht den chéad uair go dtí an 1 Deireadh Fómhair 1989, agus ansin ar feadh tréimhse éiginnte trí Threoir 89/370/CEE ón gComhairle⁸.

Déantar róna a fhiach laistigh agus lasmuigh den Aontas agus úsáidtear iad chun táirgí a fháil atá chomh héagsúil óna chéile amhail idir chapsúil óimige-3 agus bhaill éadaigh ina bhfuil seithí agus fionnadh róin próiseáilte. Chuir saoránaigh agus tomhaltóirí a n-ábhar inní in iúl maidir leis na táirgí róin a d'fhéadfadh a bheith ar an margadh a fuarthas ó ainmhithe a dhéantar a mharú agus a fheannadh ar shlí a bhí ina cúis le fulaingt. Mar fhreagra air sin, ghlac roinnt Ballstát reachtaíocht lena rialáiltear trádáil i dtáirgí róin trí thoirmeasc a chur ar allmhairiú agus ar tháirgeadh na dtáirgí sin, cé nár cuireadh srianta ar bith ar thrádáil na dtáirgí sin i mBallstáit eile. Rinne na difríochtaí sin dochar d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ba bhacainní iad ar an trádáil. Dá bhrí sin, ghlac an t-Aontas Eorpach Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán), lenar tugadh isteach toirmeasc ar tháirgí róin a chur ar mhargadh an Aontais.

San am céanna, spreag rialtais agus eagraíochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach a dhéanann ionadaíocht ar phobail Ionúiteacha agus ar phobail dhúchasacha chun a aithint go mbíodh fiach róna ina dhlúthchuid de shaol socheacnamaíoch, de chothú, de chultúr agus d'fhéiniúlacht na bpobal sin, rud a chuir lena gcothú agus lena bhforbairt, rud nár cheart dochar a dhéanamh dó, i gcomhréir le Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach in 2007. Mhaígh siad nár chuir fiach róna arna dhéanamh go traidisiúnta ag pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile an inní mhorálta chéanna ar an bpobal agus na fiacha sin arna ndéanamh go príomha ar chúiseanna tráchtála. Dá bhrí sin, mar eisceacht, ceadaíodh leis an Rialachán táirgí róin a chur ar an margadh a d'eascair as fiacha arna ndéanamh go traidisiúnta ag pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile, a mhéid go mbeidh aird chuí á tabhairt ar leas na n-ainmhithe agus ar shlí a laghdóidh a oiread is féidir fulaingthe a bhraithfidh na hainmhithe a ndéanfar fiach orthu. Bhí an eisceacht teoranta d'fhiacha a chuireann le cothú na bpobal sin.

⁵Féach Aithris 8 de Threoir (AE) 2015/1775.

⁶ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1578667308224&uri=COM%3A2020%3A4%3AFIN>

⁷ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:31983L0129>

⁸ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:31989L0370>

Ceadaíodh faoi Rialachán 2009 freisin, mar eisceacht, táirgí róin a chur ar an margadh i gcás go ndéanfar an fiach chun críche bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní muirí agus chun na críche sin amháin. Cheadaigh sé freisin táirgí róin a allmhairiú de chineál ócáideach, i gcás inarb earraí d'úsáid phearsanta taistealaithe nó dá dteaghlaigh go heisiach.

In 2010, sheol Ceanada agus an Iorua imeachtaí um réiteach díospóidí ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) i gcoinne an Rialacháin agus a Rialachán Cur Chun Feidhme tosaigh (AE) 737/2010. In 2013, tháinig an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ar an gconclúid, trí chead a thabhairt do tháirgí róin áirithe dul isteach i margadh an Aontais trí bhithín eisceachtaí na nIonúiteach agus eisceachtaí maidir le bainistiú ar acmhainní muirí, go raibh tionchar díobhálach á imirt ag córas an Aontais maidir le táirgí róin ar dheiseanna iomaíocha tháirgí Cheanada agus na hIorua i leith táirgí na Graonlainne a allmhairítear agus táirgí intíre an Aontais. Go deimhin, ag an am, ba í an Ghraonlainn amháin a bhí tar éis iarratas oifigiúil a dhéanamh ar aitheantas a thabhairt do chomhlacht fianúcháin.

Chun a chóras a thabhairt i gcomhréir le rialuithe EDT, ghlac an tAontas Eorpach Rialachán (AE) 2015/1775, lenar modhnaíodh córas an Aontais maidir le táirgí róin tríd an eisceacht maidir le bainistiú ar acmhainní muirí a bhaint. Tá baint na heisceachta sin gan dochar do cheart na mBallstát leanúint de rialáil a dhéanamh ar fhiacha arna ndéanamh chun críche bainistiú inbhuanaithe ar acmhainní muirí. Chuir sé cosc, áfach, ar na Ballstáit sin cead a thabhairt na táirgí a dhíorthaítear ó na fiacha sin a chur ar mhargadh an Aontais, mura dtiocfadh siad sin faoin eisceacht “Pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile”, a bhí fós i bhfeidhm. Neartaíodh leis an Rialachán arna leasú comhleanúnachas le cuspóir an Rialacháin freisin trí bhreithnithe maidir le leas ainmhithe a chur go sainráite leis mar choinníoll maidir le húsáid na heisceachta “pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile”.

Chun cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin a áirithiú, ghlac an Coimisiún an Rialachán Cur Chun Feidhme, ina i) sonraítear na ceanglais maidir le táirgí róin a allmhairiú d'úsáid phearsanta taistealaithe nó a dteaghlaigh; ii) liostaítear na critéir maidir le haitheantas a thabhairt do chomhlachtaí atá freagrach as doiciméid a eisiúint lena bhfianaítear go gcomhlíontar an eisceacht “Pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile”; agus iii) sonraítear an ról atá ag údaráis inniúla na mBallstát maidir le rialú na ndoiciméad fianúcháin agus taifeadadh na sonraí a áirítear ann.

Faoi Airteagal 3(1)a den Rialachán, arna leasú, ní mór doiciméad fianúcháin a bheith ag gabháil le táirgí róin a chuirtear ar mhargadh an Aontais faoin eisceacht “Pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile” arna eisiúint ag comhlacht atá aitheanta chun na críche sin ag an gCoimisiún Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1850 ón gCoimisiún (an Rialachán Cur Chun Feidhme).

Go dtí seo, tá aitheantas tugtha ag an gCoimisiún Eorpach do thrí chomhlacht:

- Roinn Iascaigh, Fiaigh agus Talmhaíochta na Graonlainne (ar a dtugtar⁹ an Roinn Iascaigh agus Fiaigh anois)
- Rialtas Nunavut (Ceanada)¹⁰
- Rialtas Chríocha Iarthuaisceart Cheanada¹¹

⁹ [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32015D1027\(02\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32015D1027(02))

¹⁰ https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.L_.2020.426.01.0056.01.ENG

¹¹ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32017D0265>

3. Tuarascálacha ó Bhallstáit de AE

Iarradh ar 27 mBallstát de AE a dtuarascálacha náisiúnta a chur ar fáil don Choimisiún trí cheistneoir a fhreagairt. Chuir gach Ballstát seachas trí Bhallstát (an Fhrainc, an Ghréig agus Málta) a dtuarascáil náisiúnta ar fáil. Dá bhrí sin, as seo feasta ba cheart “na Ballstáit go léir” a thuiscint mar “na Bhallstát go léir seachas na trí Bhallstát nár chuir a dtuarascáil ar fáil”. Tugtar achoimre sa roinn seo ar na hionchuir a fuarthas.

a) Údaráis inniúla

I gcomhréir le hAirteagal 6(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme, ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as (a) fíorú a dhéanamh, arna iarraidh sin do na húdaráis chustaim, ar dhoiciméid fhianúcháin le haghaidh táirgí allmhairithe róin; (b) rialú ar eisiúint doiciméad fianucháin ag comhlachtaí aitheanta atá bunaithe agus gníomhach sa Bhallstát sin, agus (c) cóip a chaomhnú de dhoiciméid fhianúcháin arna n-eisiúint le haghaidh táirgí róin de thionscnamh fiacha róna sa Bhallstát sin. Chuir an Coimisiún liosta na n-údarás inniúil ainmnithe ar fáil ar a láithreán gréasáin¹².

Cé nár aithníodh go hoifigiúil aon chomhlacht, atá bunaithe agus gníomhach san Aontas, go dtí seo chun doiciméid fhianúcháin a eisiúint, tá pobail ag roinnt Ballstát a chomhlíonann an sainmhíniú ar “phobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile” agus dá bhrí sin bheadh cead acu róna a fhiach ar mhaithe lena gcothú agus táirgí róin a chur ar mhargadh an Aontais. D'fhéadfadh na Ballstáit sin iarratas a dhéanamh go n-aithneofaí ceann dá gcomhlachtaí go hoifigiúil ar mhaithe le doiciméid fhianúcháin a eisiúint. Sa chás sin, bheadh Airteagal 6(1) (b) agus (c) den Rialachán Cur Chun Feidhme ábhartha.

b) Eisceacht maidir le "pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile"

Ba iad an Danmhairg agus an Eastóin an t-aon dá Bhallstát a thuairiscigh gur cuireadh táirgí róin ar a margadh, bunaithe ar na coinníollacha a leagtar amach san eisceacht maidir le “pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile”. Thuairiscigh custaim na Danmhairge allmhairí de tháirgí róin ón nGraonlainn ar luach iomlán DDK 8 347 944 (= EUR 1 122 337 de réir ráta malairte an 17.01.2023) agus méid iomlán 32 109 kg, i gcomparáid leis an 10 502 kg a tuairiscíodh don tréimhse roimhe sin, a chumhdaigh trí bliana in ionad ceithre bliana. Den chéad uair, thuairiscigh an Eastóin allmhairí de tháirgí róin ón nGraonlainn ar luach iomlán EUR 1 555.67 agus toirt iomlán 34.16 kg. Ar na táirgí a d'allmhairigh an Danmhairg agus an Eastóin den chuid is mó bhí seithí róin súdaraithe nó cóirithe, neamhchóimeáilte nó, ach freisin baill éadaigh, gabhálais éadaí agus earraí eile seithe róin, amhail bróga agus bróga ó leathar róin.

c) Eisceacht d'úsáid phearsanta taistealaithe nó a dteaghlaigh

Níor thug údaráis chustaim fógra d'aon cheann d'údaráis inniúla na mBallstát faoi shaincheist a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le táirgí róin a allmhairiú ó am go chéile d'úsáid phearsanta taistealaithe nó a dteaghlaigh.

d) Próiseáil isteach

Ní thoirmistear faoin Rialachán táirgí róin a allmhairiú chun na hearraí próiseáilte a phróiseáil agus a athonnmhairiú. San Eastóin, seithí róin súdaraithe (2 405 phíosá in 2019; 1


¹² https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/trade-seal-products_en

682 in 2020; Allmhairíodh 2 030 in 2021 agus 1 875 in 2022) ó Cheadana agus ón Iorua lena bpróiseáil isteach ag monaróir bróg a d'athonnmhairigh na hearraí próiseáilte go léir ina dhiaidh sin.

e) Pionóis agus forfheidhmiú

Thuairiscigh na Ballstáit go léir go raibh rialacha i bhfeidhm acu maidir leis na pionóis is infheidhme i gcás sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin. Tá idir fhíneálacha, choigistiú agus scriosadh na n-earraí (sna Ballstáit go léir), agus phríosúnacht (sa Chipir, sa Danmhairg, sa Laitvia agus san Ísiltír) i gceist leo. Níor ghearr aon Bhallstát pionóis den sórt sin le linn na tréimhse tagartha.

Léirítear sa chart thíos na huasmhéideanna a bunaíodh le haghaidh fíneálacha sna 18 mBallstát a chuir an fhaisnéis sin in iúl. In ocht gcinn acu, tá difríocht idir na méideanna le haghaidh fíneálacha de réir cibé an duine nádúrtha nó duine dlítheanach a rinne an cion. Sa Danmhairg agus san Fhionlainn, ní shonraítear an t-uasmhéid le haghaidh fíneálacha sa reachtaíocht náisiúnta. Chaithfeadh na húdaráis inniúla é a mheas i gcás ina ndéanfaí an Rialachán a shárú.



Nóta: Maidir leis an Ísiltír, baineann na huasmhéideanna thuas le cionta nach ndearnadh d'aon turas. I gcás intinne, d'fhéadfadh an fhíneáil ardú go EUR 90 000 i gcás daoine nádúrtha agus go EUR 900 000 i gcás daoine dlítheanacha.

Chuir custaim na Beilge stop le dhá allmhairiú táirgí róin. Ba é an chéad chás pacáiste a tháinig tríd an bpost ó na Stáit Aontaithe ina raibh forlíon cothaithe agus úsc de thíoróideach róin ann (capsúl óimige-3). Cloigeann róin a bhí sa dara cás nár soláthraíodh na doiciméid riachtanacha ina leith. Rinne custaim na Sualainne beagnach 4 000 seiceáil dhoiciméadach ar dhearbhuithé allmhairiúcháin. Bhí seacht gcinn acu a bhí ceaptha a bheith ag cumhdach táirgí róin ach ba amhlaidh gur baineadh úsáid as cóid ¹³ na hainmníochta comhcheangailte míchearta i ndáiríre. Cheartaigh custaim na Sualainne na dearbhuithe sin.

f) Faisnéis trí chód QR

Chun feidhmiú cuí na heisceachta “Pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile” a áirithiú agus chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis faoi chóras an Aontais maidir le táirgí róin, féadfaidh na comhlachtaí aitheanta lipéad cóid QR a chur ar na táirgí róin a dheimhníonn siad. Nascann an cóid QR seo le leathanach gréasáin a sholáthraíonn¹⁴ faisnéis faoi chóras an Aontais maidir le táirgí róin.

Thuairiscigh cúig Bhallstát déag (an Bheilg, an Chróit, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, Éire, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an tSualainn) go raibh siad ar an eolas gurbh ann don chód QR sin, agus ní dhearna a údaráis chustaim ná comhlachtaí forfheidhmithe eile teagmháil le haon cheann de na Ballstáit chun comhairle a fháil maidir leis an gcód QR.

g) Fiach róna san Aontas Eorpach

Tá líon na róna san Aontas Eorpach comhchruinnithe den chuid is mó sa Mhuir Bhailt. De réir measúnú iomlánaíoch ar staid Mhuir Bhailt ag an gCoimisiún chun Muirthimpeallacht Mhuir Bhailt a Chosaint¹⁵, ar a dtugtar HELCOM freisin, is ann do thrí speiceas róna sa Mhuir Bhailt. Bíonn an rón sa réigiún ar fad, ach bíonn rón fáinneach Mhuir Bhailt sa Mhuir Bhailt thoir agus thuaidh amháin, agus bíonn an rón Beag sa Mhuir Bhailt thiar theas agus in Kattegat.

Tá sé mar aidhm ag an Treoir¹⁶ maidir le Gnáthóga <g cur leis an mbithéagsúlacht a áirithiú trí ghnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú san Aontas. Áirítear ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir, ina liostaítear na speicis ar gá limistéir chaomhantais speisialta a ainmniú agus a bhainistiú, an méid seo a leanas:

- *Halichoerus grypus* (Rón glas)
- *Monachus monachus* (rón manaigh na Meánmhara)
- *Phoca/Pusa hispida botnica* (rón fáinneach Mhuir Bhailt)
- *Phoca/Pusa hispida saimensis* (rón fáinneach Saimaa)
- *Phoca vitulina* (rón Beag)

Is speicis tosaíochta iad an rón manaigh na Meánmhara agus rón fáinneach Saimaa agus dá bhrí sin liostaítear iad freisin in Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga, rud a chiallaíonn go gcaithfidh na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun córas dianchosanta a bhunú do na speicis sin. Liostaítear na trí speiceas eile (rón Glas, rón fáinneach Mhuir Bhailt agus rón Beag) in Iarscríbhinn V freisin, rud a chiallaíonn gur cheart do na Ballstáit bearta a

¹³ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=OJ:L:2022:282:FULL&from=EN>

¹⁴ https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/trade-seal-products_en

¹⁵ <http://stateofthebalticsea.helcom.fi/biodiversity-and-its-status/marine-mammals/>

¹⁶ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01992L0043-20130701>

dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil a nglacadh san fhiántas chomh maith lena saothrú comhoiriúnach lena gcoimeád ar bun ag stádas caomhantais fabhrach.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, ós rudé go raibh baint na heisceachta “bainistiú inbhuanaithe ar acmhainní muirí” a bhain leis an Rialachán tosaigh gan dochar do cheart na mBallstát leanúint de rialáil a dhéanamh ar fhiacha arna ndéanamh chun na críche sin, tá fiachdéanta ar róna Fáinneacha, ar róna Beaga agus ar róna Glasa ar chríoch na Danmhairge, na hEastóine, na Fionlainne agus na Sualainne. Ina dtuarascáil, rinne na ceithre Bhallstát sin cur síos gairid ar chuspóir an fhiaigh, ar na coinníollacha ina ndearnadh é, ar an modh inar cuireadh é i bhfeidhm, ar an gcaoi ar tugadh aird chuí ar leas ainmhithe, agus ar thionchar an fhiaigh sin ar líon na róna, ar éiceachórais agus ar ghníomhaíochtaí an duine. Léiríonn an téacs thíos na tuairimí a nochtar sna ceithre thuarascáil náisiúnta.

Sa **Danmhairg**, níl aon séasúr fiaigh ná cuóta ann le haghaidh róna. Ní féidir lámhach róna a údarú ach amháin trí mhaolú, laistigh de gha 100 méadar ón trealamh iascaireachta agus tréimhsí pórúcháin agus folaidh lasmuigh, chun damáiste tromchúiseach d'iascaigh a chosc. Ina theannta sin, de réir an mhaolaithe ní cheadaítear róna Glasa a lámhach laistigh de láithreáin Natura 2000 atá ainmnithe don speiceas sin. Ó 2018, deonaíodh maoluithe freisin maidir le róna a lámhach i srutháin, agus tá tionchar dearfach aige sin ar stoic goir líonta na n-iasc atá faoi bhagairt. Tá lámhach de réir an mhaolaithe faoi réir raidhfil de chaighdeán ceadaithe a úsáid, tástáil raidhfil ar leith a fháil agus ceadúnas fiaigh ón Danmhairg a bheith ag an duine. Spreagtar an fiagaí chun díriú ar an gcloigeann le marú a dhéanamh ar an toirt. In Bornholm, féadfar róna Glasa a lámhach i rith na bliana, toisc nach bhfuil aon fhorais phórúcháin ann sa limistéar sin. Déantar faireachán ar líon na róna sa Danmhairg áit a ndéantar comhaireamh bliantúil orthu. Thuairiscigh an Danmhairg nach raibh aon tionchar suntasach ag líon na róna rinneadh a lámhadh mar thoradh ar an maolú maidir le lámhach le linn na tréimhse tuairiscithe (134 rón Bheaga agus 9 rón Ghlasa) ar líon na róna.


San **Eastóin**, féadfar róna a fhiach chun bainistiú inbhuanaithe a áirithiú ar acmhainní muirí agus ar chothú na bhfiagaithe agus na dteaghlach ó phobail áitiúla oileáin bheaga na hEastóine, chun a n-oidhreacht chultúrtha agus a dtraidisiúin chultúrtha a choinneáil beo. Déantar an fiach róna a rialáil go docht agus déantar leas ainmhithe a mheas go hiomlán. Ní fhéadfar fiach róna a dhéanamh ach amháin i limistéir ainmnithe, le linn an tséasúir fiaigh, agus ní mór go mbeadh fiagaithe tar éis triail lámhaigh a phasáil agus airm agus armlóin ar leith a úsáid. Bunaithe ar an tuarascáil faireacháin is déanaí ón Eastóin, tá líon na róna Glasa in uiscí na hEastóine ar threocht aníos, agus áiríodh an líon is mó de róna Glasa le 20 bliain anuas ar fud Mhuir Bhailt in 2021. Thuairiscigh an Eastóin go bhfuil fiach ar mhionscála, atá teoranta do chuóta bliantúil 1 % de líon na róna, arb ionann é agus 55 cinn aonair in aghaidh na bliana le linn na tréimhse tuairiscithe, riachtanach chun damáiste d'iascaigh a laghdú, ach ní cheadaítear é sna limistéir chosanta speisialta atá ainmnithe don rón Glas.

San **Fhionlainn**, déantar fiach róna chun bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní muirí, chun damáiste d'iascaigh thráchtála a chosc. Bunaítear cuótaí fiaigh le haghaidh róna Glasa agus róna Fáinneacha. Le linn na tréimhse tuairiscithe, ba é 1 050 ceann aonair in aghaidh na bliana an cuóta fiaigh le haghaidh róna Glasa ar mhórthír na Fionlainne. Ba é 335 cinn aonair in aghaidh na bliana an meánchuóta fiaigh le haghaidh róna fáinneacha i limistéar Bhá Bhoitniach le linn na tréimhse céanna, agus ba é 480 ceann aonair in aghaidh na bliana an meánchuóta fiaigh le haghaidh róna Glasa ar oileán Åland, réigiún féinrialaitheach san Fhionlainn. Tá fiach na róna faoi réir séasúr fiaigh freisin, saintréithe teicniúla sonracha le haghaidh gunnaí agus armlón, agus pas a fháil i scrúdú le cúrsa roimh ré ar eitic fiaigh chun modh maraithe a chur i bhfeidhm is cúis le bás láithreach. Ní cheadaítear fiach ar líon róna

atá faoi bhagairt (e.g. an rón Fáinneach i Murascaill na Fionlainne agus i Muir an Oileánra). Thuairiscigh an Fhionlainn go bhfuil an méadú bliantúil measta ar líon na róna níos airde ná líon na róna fiaigh, agus go bhfuil fianaise ann go n-itheann róna éisc ó threalamh iascaireachta mura bhfuil an trealamh sin díonach ar róna. Mar sin féin, ní féidir ach gaistí, fonsaí (líonta fada iascaireachta mála-chruthacha a gcoinníonn fonsaí iad ar oscailt) nó trealamh comhchosúil a dhéanamh díonach ar róna i bpáirt, agus iascaireacht tráchtála inmharthana á cothabháil ag an am céanna. Itheann róna idir 3 agus 5 chileagram éisc in aghaidh an lae, rud a d'fhéadfadh speicis nó líon éisc atá faoi chosaint ag reachtaíocht an Aontais nó ag reachtaíocht náisiúnta a chur i mbaol. Tháinig laghdú 30-40 % ar iascaireacht áineasa agus tráchtála le heangacha geolbhaigh le fiche nó tríocha bliain anuas san oileánra seachtrach agus fiú tháinig stop léi go hiomlán i limistéir áirithe mar gheall ar chreachóireacht róna. Éifeacht dhearfach a bhíonn ag fiach gar do threalamh iascaireachta ach is éifeacht shealadach í sin nó tagann róna nua chun cinn laistigh de chúpla lá nó fiú laistigh de chúpla uair an chloig. Dá bhrí sin, ní féidir fiach róna a mheas mar an t-aon bhealach chun na fadhbanna a chruthaíonn róna a mhaolú.

Áirítear i mbainistiú fiadhúlra na **Sualainne** fiach le ceadúnas ar róna Glasa ón mbliain 2020 agus ar róna Beaga ó 2022, agus “fiach cosanta” ar róna Fáinneacha. Ceadáitear fiach cosanta agus rialaítear go docht é i limistéir ina bhfuil líon na róna atá ag fás ag déanamh damáiste tromchúiseach d'iascaigh áitiúla, ag scriosadh an trealamh iascaireachta agus ag ithe na ngabhálacha. Le hais fiach cosanta, ní bhíonn fiach le ceadúnas teoranta do na limistéir ina bhfuil róna ag déanamh damáiste d'iascaigh. Tá cuóta fiaigh ann. Ba é 1 692 duine in aghaidh na bliana an meánchuóta fiaigh le haghaidh róna Glasa le linn na tréimhse tuairiscithe, agus 712 duine aonair le haghaidh róna Beaga agus 346 duine le haghaidh róna Fáinneacha a bhí ann. Déantar armlón a rialáil go docht, ní mór don mhodh maraithe a úsáidtear a bheith ina chúis le bás láithreach, ag seachaint fulaingt gan ghá, agus ceanglaítear le fiach róna ó bhád go bhfanann an bád ina stad. Tá taighde ar siúl faoi láthair chun trealamh iascaireachta atá díonach ar róna a fhorbairt. Thuairiscigh an tSualainn nach bhfuil i líon na róna a dhéantar a fhiach chun earnáil na hiascaireachta a chosaint ach sciar beag de líon na róna.

Sa chairt thíos tugtar líon iomlán na róna arna bhfiach le linn na tréimhse tuairiscithe ag ceithre Bhallstát an Aontais lena n-údaráitear an fiach sin chun a n-acmhainní muirí a bhainistiú go hinbhuanaithe. San Fhionlainn agus sa tSualainn, socraítear na cuótaí do shéasúr fiaigh agus ní de réir na bliana féilire. Tosaíonn séasúr an fhiaigh san fhómhar agus críochnaíonn sé an bhliain dár gcionn san earrach. Faoin Treoir maidir le Gnáthóga, tá na Ballstáit freagrach as a áirithiú go bhfuil tógáil eiseamal de na speicis sin, a liostaítear in Iarscríbhinn V den Treoir, comhoiriúnach lena gcoimeád ar bun ag stádas caomhantais fabhrach.



Sa **Laitvia**, fuarthas iarratais ar fhiach róna le linn na tréimhse tuairiscithe, ach diúltaíodh dóibh. Tar éis plean bainistíochta róna a fhorghéar le déanaí, ceadaítear líon beag róna Glasa lánfhásta a fhiach ó 2023, chun damáiste d'iascaigh a chosc nuair nach féidir aon mhodh malartach a aimsiú.

h) Measúnú foriomlán arna dhéanamh ag Ballstáit an Aontais

Iarradh ar na Ballstáit measúnú foriomlán a sholáthar ar thrí ghné den Rialachán ar a gcríoch: a fheidhmiú (an cumas a fheidhm rialta a chomhlíonadh), a éifeachtacht (an cumas toradh inmhianaithe a tháirgeadh) agus a thionchar (mar shampla, an margadh athraithe do tháirgí róin).

Luaigh ocht mBallstát (an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Ungáir, Éire, an Liotuáin agus an tSlóvaic) nach raibh aon trádáil i dtáirgí róin ar a gcríoch le linn na tréimhse tuairiscithe agus dá bhrí sin nach raibh siad in ann measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú, ar éifeachtacht agus ar thionchar an Rialacháin. Níor chuir cúig Bhallstát (an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg, an Rómáin agus an tSlóivéin) aon mheasúnú ar fáil.

Measann seacht mBallstát (an Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Spáinn) go bhfuil an Rialachán oiriúnach don fheidhmagus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag a n-údaráis chustaim chun é a chur chun feidhme i gceart. Ní raibh aon fhadhb acu leis an Rialachán go dtí seo. Gheall an Ísiltír an comhar idir a n-údaráis inniúla agus a gcuid custaim a threisiú ina leith sin.

Measann an Eastóin, an Fhionlainn, an Laitvia agus an tSualainn gobhfeidhmíonn an Rialachán go maith mar bhealach chun trádáil táirgí róin a rialú ach go bhfuil a thionchar imithe thar an gcríoch a beartaíodh dó. Dar leo, chuir an toirmeasc le drochstaid na

hiascaireachta cósta mar atá sí faoi láthair agus gur íoslaghdaíodh go mór luach na róna mar speiceas géim mar gheall air. Is é a dtuairim, go bhfuil sé tábhachtach go n-áireofaí bainistiú líon na róna sna pleananna bainistíochta atá bunaithe ar éiceachórais d'uisce an Aontais. Maíonn siad gondéantar dlúthfhaireachán ar líon na róna ann agus go raibh tionchar a bhí beagnach neamhshuntasach ag líon beag na róna a rinneadh a fhiach le linn na tréimhse tuairiscithe ar líon na róna ann agus ar a stádas caomhnaithe. Measann na Ballstáit sin nár cheart go gcuirfeadh fiach róna a dhéantar chun acmhainní muirí a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus lánurraim á tabhairt do leas ainmhithe agus gach cuid den ainmhí gafa á húsáid in ionad é a chur amú, inní mhorálta ar an bpobal. De réir eitic fiaigh na Sualainne, ní mór ainmhí a fhiach ar bhealach daonnachtúil agus ba cheart an acmhainn a eascraíonn as sin a úsáid go hiomlán le go measfar go bhfuil an fiach inghlactha. Measann muintir na Sualainne, mar fhiagairí róna, tar éis dóibh an méid a bhfuil gá acu leis dá n-úsáid phearsanta féin a bhailiú, agus go gcaithfidh siad ansin an acmhainn luachmhar seo a scrios nó a dhumpáil, measann siad go dtéann an toirmeasc sin i gcoinne na n-eiticí sin agus go bhfágfar gur lú an tarraingt a bhaineann le fiach na róna mar gheall air. Thug na Ballstáit sin chun suntais, idir an dá linn, go bhfuil líon na róna atá ag méadú ag déanamh damáiste do threalamh iascaireachta agus do ghabhálacha, ag inmhíolú gach speicis éisc le péisteanna róin, ag marú tóithíní, agus ag breith ar éisc mhóra lánfhásta de thosc, bradán, breac geal agus liús, agus go bhfuil iarmhairtí eacnamaíocha ann do thurasóireacht iascaireachta áineasa. Chun an cás a mhaolú, d'achtaigh an tSualainn foraithe náisiúnta in 2020, lena bhforáiltear, má dhéantar fiach dlíthiúil ar rón Glas fireann is cúis le damáiste d'iascaigh nó do dhobharshaothrú, go bhfuil an páirtí a ndearnadh dochar dó i dteideal cabhair airgeadais chun an conablaigh a phróiseáil go cuí. San Fhionlainn, bíonn tionchar ag an damáiste a dhéanann na róna ar thart ar 350-400 iascaire in aghaidh na bliana. Is féidir cúiteamh a thabhairt i leith na gcostas a thabhaítear chun conablaigh róna a fhiachtar go dlíthiúil a tharrtháil agus a chur isteach chuig saoráid cheadaithe lena scriosadh. Ní thugtar aon chúiteamh as an bhfiach féin. Tá sé i gceist leis an tacaíocht níos mó den fhiach róna a spreagadh, ach measann muintir na Fionlainne gur dreasacht níos láidre fós a bheadh ann deireadh a chur leis an toirmeasc ar thrádáil i dtáirgí róin. Chuirfeadh sé deireadh freisin leis an ngá atá le cúiteamh agus leis na costais riaracháin ghaolmhara.

Admhaíonn an Eastóin, an Fhionlainn, an Laitvia agus an tSualainn nach raibh an trádáil i dtáirgí róin riamh ina hearnáil mhór lena bhain láimhdeachas suntasach eacnamaíoch. Mar sin féin, sna ceantair chósta, bíonn sé de chumas ag an trádáil cur leis mar fhoinsé ioncain agus luachanna cultúrtha a chothú dá réir. Dá gcuirfí deireadh leis an toirmeasc chabhróidh sé leis an acmhainneacht sin a shaothrú, margadh náisiúnta agus deiseanna onnmhairiúcháin a chruthú do tháirgí róin, agus luach na dtáirgí róin agus fiú méid na n-allmhairí chuig an Aontas ó phobail Ionúiteacha nó ó phobail dhúchasacha eile a mhéadú, toisc nach measfaí go bhfuil cosc iomlán ar tháirgí róin a chur ar mhargadh an Aontais a thuilleadh. Maíonn na Ballstáit sin gurcheart díolachán ar scála beag mar lámhcheird ag pobail áitiúla san Aontas a cheadú, chun costais an fhaigh a chúiteamh agus chun cruthaitheacht agus traidisiúin na bpobal sin a thaispeáint. Mura féidir deireadh a chur leis an toirmeasc, molann an Eastóin, an Fhionlainn, an Laitvia agus an tSualainn go ndéanfaí bainistiú inbhuanaithe ar eisceacht na n-acmhainní muirí a athbhunú do na Ballstáit lena n-áirítear fiach cosanta agus fiach róna le ceadúnais ina bpleananna bainistithe fiadhúlra. In 2019, d'iarr Parlaimint na Sualainne ar an rialtas oibriú i dtreo deireadh a chur leis an toirmeasc nó ar a laghad eisceacht a chur leis an toirmeasc.

4. Tuarascáil ón Ríocht Aontaithe

Maidir leis an gcleachtadh reatha, iarradh fós ar an Ríocht Aontaithe a tuarascáil náisiúnta a sholáthar don Choimisiún. Ba ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2020 an tréimhse tuairiscithe don Bhreatain Mhór, arbh é deireadh na hidirthréimhse é a chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe go comhpháirteach tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas. Maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, bhí an tréimhse tuairiscithe mar an gcéanna le Ballstáit an Aontais (i.e. go dtí deireadh 2022) de bhua Chreat Windsor¹⁷, lena n-áirítear an Rialachán maidir le Róna.

Dá bhrí sin, bhí feidhm ag na gnéithe thíos maidir leis an mBreatain Mhór go dtí deireadh na hidirthréimhse agus leanann siad d'fheidhm a bheith acu sa Ríocht Aontaithe agus maidir le Tuaisceart Éireann.

Leis an Rialachán maidir le Táirgí Róin na Ríochta Aontaithe 2010 cuirtear Rialachán an Aontais chun feidhme. Tugtar treoir d'Oifig Gnóthaí Baile agus do Ghníomhaireacht Rialaithe Teorann Choimisinéirí Ioncaim agus Custam an Rí gníomhú i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht intíre agus leis an treoir ábhartha i ndáil le córas an Aontais maidir le táirgí róin. Tá na próisis i bhfeidhm chun go bhfeidhmeoidh Rialachán an Aontais go héifeachtach.

Tá na rialacha maidir le pionóis le fáil sna Rialacháin maidir le Táirgí Róin 2010. Aon duine atá ciontach i gcion dlífear fineáil nach mó ná GBP 75 000 air. Is ionann an t-uasmhéid i gcás fineálacha a ghearrtar ar dhaoine dlítheanacha.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, níor cuireadh aon táirgí róin ar mhargadh na Ríochta Aontaithe faoin eisceacht “Pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile”.

Thuairiscigh an Ríocht Aontaithe nach ndéantar aon fhiach róna ar a críoch mar go gcosnaítear mamaigh farraige, lena n-áirítear róna, faoi reachtaíocht a fhágann gur cion é aon mhamach farraige fiáin a mharú, a ghortú nó a ghabháil d'aon ghnó.


5. Tuarascálacha ó na comhlachtaí aitheanta

Maidir leis an gcleachtadh reatha, iarradh ar chomhlachtaí aitheanta Cheanada agus na Graonlainne ceistneoir a fhreagairt. Bhí an tréimhse tuairiscithe mar an gcéanna le Ballstáit an Aontais, i.e. ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2022.

a) Doiciméid fhianúcháin

D'eisigh Roinn Iascaigh agus Fiaigh na Graonlainne doiciméid fhianúcháin chun gabháil le seithí róin ó róna Fáinneacha agus ó róna Graonlannacha, a cuireadh ar mhargadh an Aontais sa Danmhairg agus san Eastóin. Léirítear sa chairt thíos líon na n-aonad seithí róin a d'allmhairigh an dá Bhallstát sin den Aontas Eorpach ón nGraonlainn le linn na tréimhse tuairiscithe. Luaigh Roinn Iascaigh agus Fiaigh na Graonlainne freisin onnmhairiú 281 seithe róin go dtí an Iodáil agus 18 seithe róin go dtí an Phortaingéil in 2019, ach níor thuairiscigh údaráis inniúla ábhartha an Aontais na hallmhairí sin.

¹⁷ Ón 24 Márta 2023, de bhua Dhearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas Eorpach agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a Tharraingt Siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, ba cheart “Creat Windsor” a thabhairt ar an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.



D'eisigh Rialtas Nunavut (Ceanada) dhá dhoiciméad fianúcháin, in 2020 amháin, chun gabháil le dháchloigeann róin Fháinneacha agus le dhá chraiceann róin Fháinneacha a onnmhairiú chuig an mBeilg, agus cloigeann róin iomlán amháin le dhá thusc a onnmhairiú chun na hIodáile. Níor thuairiscigh údaráis inniúla ábhartha an Aontais na hallmhairí sin.

D'eisigh Rialtas Chríocha Iarthuaisceart Cheanada dhá dhoiciméad fianúcháin, in 2022 amháin, le gabháil le cóta bearrtha fionnaidh amháin do Phoblacht na Seice agus mar an gcéanna don Fhrainc. Anseo arís, níor thuairiscigh údaráis inniúla ábhartha an Aontais na hallmhairí sin.

D'aithin comhlacht aitheanta Nunavut roinnt saincheisteanna leis na doiciméid fhianúcháin agus d'áitigh sé ar an Aontas Eorpach a mheas an mbeadh sé inghlactha dóibh (1) deimhniú aonair amháin a eisiúint le haghaidh níos mó ná seithe amháin; (2) deimhniú a eisiúint d'oibríthe lámhcheirde Nunavut a fhianóidh nach n-úsáidfidh siad ach seithe róin de thoradh fiaigh ag Ionúitigh ina gcuid oibre; (3) gan é a bheith d'oibleagáid air ainm Bhallstát an Aontais ina gcuirfear an tairge ar an margadh a shonrú; agus (4) iniúchadh a dhéanamh ar mhodhanna eile chun an tionscnamh Ionúiteach a chruthú seachas deimhniú fisiceach, mar shampla stampa mar thatú ar an seithe nó ar na clibeanna leis an gcód QR agus stampa atá cabhráithe ag Rialtas Nunavut, rud atá amhail is dodhéanta aithris a dhéanamh air.

In 2021, d'fhorbair Rialtas Chríocha an Iarthuaiscirt Clár Deimhniúcháin maidir le Rónta chun tairgí róin a ghabh fiagaithe Ionúiteacha agus a ndearna pobail Ionúiteacha/dúchasacha Chríocha an Iarthuaiscirt ceardaíocht orthu a shainaithint. Nuair a bheidh an tairge róin críochnaithe, greamaítear clib Deimhniúcháin Róin leis (féach thíos).



Measann comhlacht aitheanta Chríocha an Iarthuaiscirt gur cheart seithí ó róna arna ngabháil ag Ionúiteach i gCríocha an Iarthuaiscirt a dheimhniú go huathoibríoch agus gur cheart don Aontas tacaíocht airgeadais nó theicniúil a sholáthar chun an díolúine a oibríochtú. Is ann do phionóis i gcás neamh-chomhlfonta agus ní raibh gá leo go dtí seo.

b) Fiach róna faoin eisceacht “Pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile”

Ní cheadaítear le hAirteagal 3(1) den Rialachán, arna leasú, táirgí róin a chur ar an margadh ach amháin i gcás ina dtagann na táirgí róin ó fhiacha arna ndéanamh go traidisiúnta ag pobail Ionúiteacha nó ag pobail dhúchasacha eile, lena rannchuidítear lena gothú, agus lena bhféachtar go cuí do leas ainmhithe.

Maidir leis sin, luaigh na comhlachtaí aitheanta go dtreoraíonn trí phríomhphrionsabal na Ionúitigh maidir le saothrú róna: (1) gabháil inbhuanaithe, trína gcosnaítear acmhainní ó róghábháil agus trína mbainistítear iad chun ionad na róna a chothabháil laistigh den éiceachóras domhanda; (2) úsáid iomlán trína soláthraítear bia leis an bhfeoil, trína n-úsáidtear an seithe le haghaidh éadaí agus an ola lena mbaineann mar fhoínse shaibhir d'aigéid óimige-3; agus (3) gabháil dhaonnachtúil, trína gcaithfear róna a chóireáil le hurraim agus nach ndéanfar iad a fhiach ach amháin dá bhfuil ag teastáil, agus go ndéanfar an marú féin glan agus tapa.

c) Sonraí a phróiseáil agus sonraí pearsanta a chosaint

Tá córas leictreonach á úsáid ag na trí chomhlacht aitheanta chun sonraí atá sna doiciméid fhianúcháin a mhalartú agus a thairgeadh. Níor thuairiscigh aon cheann acu saincheisteanna a bhain le cosaint sonraí pearsanta tráth próiseála na ndoiciméad fianúcháin.

d) faisnéis trí chód QR

Arna iarraidh sin don Ghraonlann, chomhaontaigh an Coimisiún le lipéad cóid QR a chur ar tháirgí róin, d'fhonn tomhaltóirí a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr faoin eisceacht maidir le “Pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile” a bheith ann agus faoi dhlísteanacht na heisceachta sin, agus d'fhonn cur ar mhargadh an Aontais a éascú. Nascann an cóid QR seo le leathanach gréasáin¹⁸ a sholáthraíonn faisnéis faoi córas an Aontais maidir le táirgí róin.

¹⁸ https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/trade-seal-products_en

Tá cód QR á chur ag an nGraonlainn Mhór ar a seithí róin go léir. Tá cead ag ceardaithe áitiúla, lucht ceardaíochta nó tithe beaga fuála a lógó féin a chur in aice leis an gcód QR. Tá cód QR ag Nunavut a nascann le faisnéis faoin eisceacht i gcóras an Aontais maidir le táirgí róin. Cuirtear an cód QR ar gach mír arna fianú agus tá sé ar fáil de réir mar is gá ag ceardaithe agus ag lucht ceardaíochta. I gCríocha an Iarthuaiscirt, cuirtear cód QR ar na táirgí róin a dhéantar as an seithe dhoiciméadaithe/dheimhniithe.

e) Measúnú foriomlán arna dhéanamh ag na comhlachtaí aitheanta

Iarradh ar na comhlachtaí aitheanta measúnú a chur ar fáil ar thrí ghné den Rialachán agus an eisceacht “Pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile” maidir lena gcríoch: feidhmiú agus éifeachtacht na heisceachta, tionchar an Rialacháin ar fhorbairt shocheacnamaíoch a bpobal Ionúiteach nó a bpobal dúchasach eile, agus tionchar an Rialacháin ar líon na róna ann.


Aithníonn an Ghraonlainn tiomantas an Aontais do chearta na bpobal dúchasach a urramú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear an ceart chun dul i mbun a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha faoi shaoirse. Sa chleachtas, áfach, measann siad go bhfuil drochthionchar ag córas an Aontais maidir le táirgí róin ar na pobail sin. Feiceann siad gur gá feasacht a mhúscailt agus feabhas a chur ar fhaisnéis do shaoránaigh na hEorpa maidir le dlíthiúlacht na trádála i dtáirgí róin arna bhfiach ag pobail Ionúiteacha nó ag pobail dhúchasacha eile, agus leis sin muinín tomhaltóirí i dtáirgí róin a athbhunú.

Tá Nunavut den tuairim chéanna agus ba mhaith leis cód QR a chur in ionad an doiciméid fhianúcháin lena ngabhann clibeanna beaga. Measann Nunavut gur chuir na ceanglais deimhniúcháin ualach agus dídhreasú míchuí ar tháirgeoirí Ionúiteacha agus ar cheannaitheoirí an Aontais. Chuirfeadh Nunavut fáilte roimh thacaíocht ón Aontas Eorpach chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí for-rochtana le monaróirí, músaeim agus miondíoltóirí an Aontais a mhéid a bhaineann leis an eisceacht a bheith ann agus le feidhmiú na heisceachta.

I gcás Chríocha an Iarthuaiscirt, d'fheabhsófaí go mór tairbhí díreacha na heisceachta á mhéid a bhaineann sí leis na hIonúitigh dá n-aontódh an tAontas go measfaí go raibh gach rón arna ghabháil ag Ionúiteach i gCríocha an Iarthuaiscirt comhlíontach agus, dá bhrí sin, go ndéanfaí iad a dheimhniú go huathoibríoch. Tá leibhéal na gabhála leorchothaithí fós measartha comhsheasmhach, agus tá an margadh intíre agus áitiúil do tháirgí róin agus d'amhábhair fós sláintiúil le linn an timthrialla tuairiscithe dheireanaigh. Mar sin féin, is ar éigean atá margadh onnmhairiúcháin teoranta ann ar chor ar bith.

Sa Ghraonlainn, tá tábhacht bhunúsach shocheacnamaíoch agus chultúrtha ag baint le fiach agus trádáil i dtáirgí róin do phobail Ionúiteacha. Sa tréimhse 2019-2022, tháinig méadú beagnach 6 % ar líon na róna a díoladh le teanús na Graonlainne Móire, Great Greenland A/S tannery, i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, ach tá sé i bhfad níos lú ná na leibhéal roimh thoirmeasc an Aontais.

Tá laghdú 6 % tagtha ar líon iomlán na róna a gabhadh sa Ghraonlainn sa tréimhse 2019-2021 i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin. Taispeántar sa ghráf thíos na gabhálacha róin sa Ghraonlainn de réir speicis sna ceithre bliana den tréimhse tuairiscithe. Ní áirítear na trí mhí dheireanacha de 2022 sna huimhreacha sin.



Níl na leibhéil mar a bhí roimh thoirmeasc an Aontais bainte amach ach oiread ag luach na seithí trádáilte ó róna fáinneacha, bedlamer agus Graonlannacha chuig Teanús Mór na Graonlainne, the Great Greenland Tannery, sa tréimhse tuairiscithe.

Ceistíonn Aireacht Iascaigh agus Fiaigh na Graonlainne an réasúnaíocht atá taobh thiar de chóras an Aontais maidir le táirgí róin agus tugann sí dá haire go mbeadh fiach róna inbhuanaithe le meas iomlán ar leas ainmhithe indéanta dá uireasa. Tá inní ar an Aireacht nach ndearnadh aon mheasúnú roimh ré, lena n-áirítear maidir leis na hábhair inní a mheastar a bheith ag saoránaigh Eorpacha an lae inniu mar an t-údar bunúsach leis an Rialachán, agus maidir le bealaí féideartha nach bhfuil chomh sriantach sin ó thaobh trádála de chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inní a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá inní ar an Aireacht freisin nach bhfuil córas an Aontais maidir le táirgí róin, fiú agus an eisceacht ann maidir leis na pobail Ionúiteacha, ag comhlíonadh choincheap an Gheilleagair Ghoirm a dtacaíonn an tAontas leis i ngach gné d'úsáid inbhuanaithe acmhainní beo, ach amháin i gcás speicis róin.

I Nunavut agus i gCríocha an Iarthuaiscirt, bhí gabháil, tomhaltas, saincheapadh agus díolachán táirgí róin ar feadh na bliana ina chomhpháirt sheanbhunaithe de léiriú cultúrtha agus de shlí bheatha eacnamaíoch shochaí na nIonúiteach. Braitheann na hIonúitigh sa lá atá inniu ann ar róna le haghaidh slándála bia agus ioncain i gcríoch ina bhfuil na praghsanna is airde ar bhia a cheannaítear i siopa agus ina bhfuil deiseanna fostaíochta teoranta. Cuireann na hIonúitigh a dtáirgí róin ar an margadh go háitiúil den chuid is mó agus ní onnmhairíonn siad iad chuig an Aontas. I measc na bpríomhchúiseanna leis sin tá an eagla ann go sárófaí córas an Aontais maidir le táirgí róin, bacainní ar thrádáil a d'eascair as an toirmeasc féin (caillteanas spéise ó cheannaitheoirí, easpa nascanna le ceannaitheoirí ionchasacha), gan aon taithí ar thrádáil idirnáisiúnta, agus mearbhall faoi dheimhniúchán ar sheithí i gcoinne táirgí ó sheithí deimhnithe. Go dtí seo, ní raibh tionchar dearfach ag an Rialachán ar fhorbairt shocheacnamaíoch na nIonúiteach. Tá córas an Aontais maidir le táirgí róin tar éis deiseanna a chur ar fáil, ach breathnaítear air mar ionstraim a ndéantar faireachán uirthi.

De réir Nunavut agus Chríocha an Iarthuaiscirt, ní raibh aon tionchar ar líon na róna mar thoradh ar an Rialachán, ná níor tháinig méadú ar an ngabháil mar gheall ar an eisceacht. Rinneadh an ghabháil agus déantar an ghabháil fós de réir na rialacháin rialaithe gabhála agus luachanna Ionúiteacha.

6) An Chonclúid

Is cosúil go n-oibríonn an Rialachán go maith chun cosc a chur ar tháirgí róin nach gcumhdaítear faoin eisceacht “Pobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile” a chur ar mhargadh an Aontais. Tá pionóis curtha ar bun ag na Ballstáit i gcás sáraithe, ach níor fhorchuireadh aon cheann fós. An Bheilg amháin a thuairiscigh allmhairí neamhchomhlíontacha, a stopadh ag a cuid custaim.

Mar a chuir siad in iúl cheana féin ina dtuarascálacha roimhe seo, chuirfeadh Ballstáit den AE sa Mhuir Bhailt fáilte roimh athbhunú na heisceachta “bainistiú inbhuanaithe ar acmhainní mairí” a baineadh in 2015 chun an Rialachán a thabhairt i gcomhréir le rialú ón Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Measann siad go bhfuil drochthionchair shocheacnamaíocha ag an toirmeasc i mBallstáit an Aontais Eorpaigh sa Mhuir Bhailt.

Measann na comhlachtaí aitheanta i gCeanada go mbraitear an Rialachán san Aontas mar thoirmeasc iomlán ar thrádáil i dtáirgí róin, nach bhfuil go leor eolais ann san Aontas maidir leis an eisceacht do “Phobail Ionúiteacha nó pobail dhúchasacha eile”, agus go bhfuil tionchar aige sin ar fhorbairt eacnamaíoch a bpobal Ionúiteach. Tá onnmhairiú táirgí róin ó Ceanada chuig an Aontas neamhshuntasach. Leanann an Ghraonlainn ar aghaidh ag onnmhairiú táirgí róin chuig an Aontas, go príomha chuig an Danmhairg. Níor thuairiscigh údarais inniúla ábhartha an Aontais líon beag allmhairí ón nGraonlainn agus ó Ceanada.

Seolfaidh an Coimisiún, in 2024, meastóireacht ar an Rialachán maidir le Trádáil i dtáirgí Róin agus ar an Treoir maidir le Oisíní Róin chun a bhfeidhmiú, a n-éifeachtacht agus a dtionchar i leith a gcuspóirí a mheas, agus chun a mheas cé acu an bhfuil siad oiriúnach don fheidhm i gcónaí. Is éard a bheidh i gceist leis sin measúnú ar a dtionchar socheacnamaíoch agus ar a dtionchar ar líon na róna. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta, déanfaidh an Coimisiún a mheas cé acu an bhfuil gá le bearta breise.